2024/3189

16.12.2024

RIALACHÁN (AE) 2024/3189 ÓN gCOMHAIRLE

an 16 Nollaig 2024

lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 269/2014 a bhaineann le bearta sriantacha i ndáil le gníomhaíochtaí lena mbaintear an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine nó ar bagairt iad na gníomhaíochtaí sin ar an méid sin

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 215 de,

Ag féachaint do Chinneadh 2014/145/CBES ón gComhairle an 17 Márta 2014 a bhaineann le bearta sriantacha i ndáil le gníomhaíochtaí lena mbaintear an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine nó ar bagairt iad na gníomhaíochtaí sin ar an méid sin [1],

Ag féachaint don togra comhpháirteach ó Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála agus ón gCoimisiún Eorpach,

De bharr an méid seo a leanas:

(1) Le Rialachán (AE) Uimh. 269/2014 [2] ón gComhairle tugtar éifeacht do bhearta sriantacha dá bhforáiltear i gCinneadh 2014/145/CBES.

(2) An 16 Nollaig 2024, ghlac an Chomhairle Cinneadh (CBES) 2024/3182 [3], lena leasaítear Cinneadh 2014/145/CBES, Cinneadh (CBES) 2024/3182 agus lena dtugtar isteach, go háirithe, maolú lena gceadaítear iarmhéideanna airgid atá i seilbh thaisclanna lárnacha urrús, de réir bhrí Rialachán (AE) Uimh. 909/2014 [4], san Aontas a scaoileadh agus atá inchurtha i leith eintitis ainmnithe. Tá gá leis an maolú sin i gcomhthéacs dlíthíocht agus bearta díoltais atá ag dul i méid sa Rúis lena gcuirtear ar a gcumas d'eintitis ainmnithe áirithe agus dá gcliaint fholuiteacha sócmhainní thaisclanna lárnacha urrús san Aontas a choimeádtar sa Rúis a urghabháil gan toiliú a fháil ó na taisclanna sin roimh ré. Is iomchuí, dá bhrí sin, sásra maolaithe a bhunú faoina bhféadfaidh taisclanna lárnacha urrús san Aontas a iarraidh ar údaráis inniúla na mBallstát iarmhéideanna airgid nach bhfuil dlite a thuilleadh d'eintitis ainmnithe a dhíreo ionas gur féidir le taisclanna lárnacha urrús san Aontas na hiarmhéideanna airgid sin a úsáid chun oibleagáidí dlíthiúla na dtaisclann sin i leith a rannpháirtithe a chomhlíonadh.

(3) Tagann an leasú ar Chinneadh 2014/145/CBES a rinneadh le Cinneadh (CBES) 2024/3182 faoi raon feidhme an Chonartha ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh agus, dá bhrí sin, tá gá le gníomhaíocht rialála ar leibhéal an Aontais chun iad a chur chun feidhme, go sonrach d'fhonn a áirithiú go gcuirfear na leasuithe sin i bhfeidhm go haonfhoirmeach i ngach Ballstát.

(4) Ba cheart, dá bhrí sin, Rialachán (AE) Uimh. 269/2014 a leasú dá réir.

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 269/2014 mar a leanas:

(1) in Airteagal 6b, cuirtear an mhír seo a leanas isteach in ionad mír 5f:

'5f. De mhaolú ar Airteagal 2 den Rialachán seo, féadfaidh údaráis inniúla de chuid Ballstáit, faoi choinníollacha a mheasann siad a bheith iomchuí, a údarú cistí reoite áirithe nó acmhainní eacnamaíocha áirithe a scaoileadh, nó cistí áirithe nó acmhainní eacnamaíocha áirithe a chur ar fáil do na daoine aonair a liostaítear faoi uimhreacha iontrála 92, 694 agus 920 faoin gceannteideal "Daoine" in Iarscríbhinn I, tar éis dóibh a chinneadh an méid seo a leanas:

[1] IO L 78, 17.3.2014, lch. 16.
[2] Cinneadh 2014/145/CBES ón gComhairle an 17 Márta 2014 a bhaineann le bearta sriantacha i ndáil le gníomhaíochtaí lena mbaintear an bonn d' iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine (IO L 078, 17.3.2014, lch. 6.)
[3] Cinneadh (CBES) 2024/3182 ón gComhairle an 16 Nollaig 2024 lena leasaítear Cinneadh 2014/145/CBES a bhaineann le bearta sriantacha i ndáil le gníomhaíochtaí lena mbaintear an bonn d' iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine (IO L, 2024/3182, 16.12.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2024/3182/oj).
[4] Rialachán (AE) Uimh. 909/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Iúil 2014 maidir le socraíocht urrús san Aontas Eorpach a fheabhsú agus maidir le taisclanna lárnacha urrús agus lena leasaítear Treoir 98/26/CE agus Treoir 2014/65/AE agus Rialachán (AE) Uimh. 236/2012 (IO: L 257, 28.8.2014, lch. 1)

(a) gur gá na cistí nó na hacmhainní eacnamaíocha chun go ndíolfar agus go n-aistreofar faoin 30 Meitheamh 2025 cearta dílseánaigh i nduine dlítheanach, eintiteas nó comhlacht atá bunaithe san Aontas, ar cearta iad atá faoi úinéireacht dhíreach nó indíreach duine de na daoine aonair sin; agus

(b) go bhfuil fáltais an díola agus an aistrithe sin reoite.';

(2) in Airteagal 6b, cuirtear an méid seo a leanas isteach:

'5j. De mhaolú ar Airteagal 2 den Rialachán seo, féadfaidh údaráis inniúla de chuid Ballstáit a údarú, faoi cibé coinníollacha a mheasann siad a bheith iomchuí, go scaoilfear iarmhéideanna airgid arna reo ag taisclann lárnach urrús de réir bhrí Rialachán (AE) Uimh. 909/2014 agus atá inchurtha i leith an eintitis a liostaítear faoi uimhir iontrála 101 faoin gceannteideal "Eintitis" in Iarscríbhinn I a ghabhann leis an Rialachán seo nó i leith aon eintiteas eile a liostaítear faoin gceannteideal sin tar éis dóibh a chinneadh an méid seo a leanas:

(a) go gcoinníonn an taisclann lárnach urrús lena mbaineann cuntas nó cuntais leis an eintiteas a liostaítear faoi uimhir iontrála 101 faoin gceannteideal "Eintitis" in Iarscríbhinn I a ghabhann leis an Rialachán seo;

(b) go gcoinníonn an t-eintiteas a liostaítear faoi uimhir iontrála 101 faoin gceannteideal "Eintitis" in Iarscríbhinn I a ghabhann leis an Rialachán seo nó eintiteas eile a liostaítear faoin gceannteideal sin cuntas nó cuntais ar bun leis an taisclann lárnach urrús a bhfuil an t-iarmhéid airgid atá le scaoileadh ina seilbh aici;

(c) gur chuir an tEintiteas a liostaítear faoi uimhir iontrála 101 faoin gceannteideal "Eintitis" in Iarscríbhinn I a ghabhann leis an Rialachán seo méid do dhochar an chuntais nó do dhochar na gcuntas dá dtagraítear i bpointe (a) den mhír seo, de bhun dlí, foraithne, rialacháin, cinnidh bhreithiúnaigh nó riaracháin nó aon bhirt eile, atá inchurtha go díreach nó go hindíreach i leith Chónaidhm na Rúise, gan toiliú ón taisclann lárnach urrús lena mbaineann a fháil roimh ré;

(d) go bhfuil an taisclann lárnach urrús lena mbaineann leis an iarmhéid airgid arna scaoileadh a úsáid chun a hoibleagáidí dlíthiúla i leith a rannpháirtithe a chomhlíonadh agus nach bhfuil sé níos mó ná an méid a cuireadh do dhochar an chuntais nó do dhochar na gcuntas dá dtagraítear i bpointe (c); agus

(e) nach gcuirtear an t-iarmhéid airgid arna scaoileadh ar fáil de shárú ar Airteagal 2(2).'.

Airteagal 2

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an dáta tar éis dháta a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 16 Nollaig 2024.

Thar ceann na Comhairle

An tUachtarán

K. KALLAS